



Oifig  
Fiontair  
Áitiúil

Local  
Enterprise  
Office

# Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta



## Saoráil Faisnéise

Ní nochtfaidh an Oifig Fiontair Áitiúil aon eolas a gheobhaidh sé mar chuid den iarratas seo ach amháin mar a d'éileodh an dlí é, an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 san áireamh. Má thagann iarratas Shaoráil Faisnéise isteach chugainn, cuirfimid i n-íúl duit é, chun go mbeadh tréimhse réasúnta agat chuige, má theastaíonn uait cur i n-aghaidh aon nochtadh eolais.

## Cosaint Sonraí

Seasaíonn an Oifig Fiontair Áitiúil go láidir le cosaint a thabhairt do do chuid príobháideachais. Tá Fógra faoi Chosaint Sonraí againn a thabharfaidh eolas duit mar gheall ar do chearta príobháideachais, agus a leagann amach conas a dhéanaimid-ne, mar Rialaitheoir Sonraí, cnuasach, úsáid, próiseáil, agus nochtadh ar na sonraí pearsanta fút-sa a bhaineann le do theagmháil linn-ne. Féadfaidh tú teacht ar chóip den fhógra príobháideachais seo againn-ne ag [LocalEnterprise.ie/legal](http://LocalEnterprise.ie/legal).

## Nóta:

Má fhaigheann tú cúnadh deontais, beidh tú istigh i liosta na dtairbhíthe faoi Art. 115 [2] de Rialachán [AE] Uimh. 1303/2013 (Rialachán na bhForálacha Coiteanna). Sonraítear go nua an liosta seo gach sé mhí, agus is féidir teacht air ar shuíomhanna na dTionól Réigiúnacha.

#AgFlóruaFíse



## Conas a Chabhraíonn na hOifigí Fiontair Áitiúil le gnónna i gcúrsaí airgid?

Féadfaidh an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) cabhrú leat chun fiontar nua a chur ar bun, nó chun fiontar atá ann cheana a fhorbairt, fad agus a fhéadfadh an fiontar a bheith inmharthana ó thaobh na tráchtála de i bhfad na haimsire.

Caithfear critéirí eile a chomhlíonadh, mar a liostáiltear anseo thíos:

- Ní fhéadfadh níos mó ná deichniúr a bheith fostaithe ag an bhfiontar;
- Caithfidh sé a bheith bunaithe cláraithe agus ag feidhmiú laistigh den cheantar a bhaineann leis an OFÁ;
- Caithfidh sé a bheith ag feidhmiú i gcúrsaí tráchtála;
- Caithfear a léiriú go bhfuil margadh ann don earra nó don seirbhís atá i gceist;
- Caithfidh an poitínseal a bheith aige go bhfásfadh sé, i margaí na tíre nó sna margaí idirnáisiúnta; agus
- Caithfidh an poitínseal a bheith aige postanna nua a chruthú, gan teacht salach ar ghnónna eile atá sa cheantar cheana.

## Cén Rud é Deontas Staidéar Féidearthachta?

Sé an chuspóir atá le Deontas Staidéar Féidearthachta ná cabhrú le comhlachtaí atá díreach ag tosú nó le fiontraíthe aonair chun díol as na costaisí a bhainfeadh le taighde a dhéanamh ar an ngnó nua nó ar an smaoineamh nua gnó a bheadh acu, ag féachaint an mairfeadh sé go buan. Ba cheart go gcabhródh an staidéar leis an tionscnóir teacht ar chonclúidí daingean mar gheall ar an smaoineamh gnó, agus ar an eolas a bheadh ag teastáil uathu chun plean iomlán gnó a chur le chéile. Déanfaidh an OFÁ a mhachnamh ar dheontas Staidéar Féidearthachta a thabhairt d'iarratasóirí go bhféadfadh an gnó nó an tseirbhís nua atá i gceist acu a bheith i dteideal a thuilleadh cúnamh deontais ón OFÁ dá rachfaí ar aghaidh leis.

## Cé a d'Fhéadfadh cur isteach ar Dheontas Staidéar Féidearthachta?

Ní fhéadfadh éinne cur isteach air ach amháin gnónna nó daoine aonair go bhfuil sé i gceist acu staidéar a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le gnó a bhunú sa déantúsaíocht nó i n-earnáil na seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

## Cad a Chlúdóidh an Deontas Staidéar Féidearthachta?

Leagtar amach an Deontas Staidéar Féidearthachta chun cabhrú leis an tionscnóir taighde a dhéanamh ar éileamh an mhargaidh ar an earra nó ar an seirbhís atá i gceist acu, agus ar an seans go mairfeadh an t-earra nó an tseirbhís go buan. Is cabhair é an deontas le costaisí na nuálaíochta, ar nós sainriachtanaisí comhairleoireachta, saineolas a fhostú ó institiúidí tríú leibhéal, speisialtóirí príobháideacha, an dearthóireacht, costaisí na bpaitinní, agus forbairt na bprótaití.

D'fhéadfaí caiteachas a thabhairt san áireamh don deontas faoi na teidil seo leanas:

- Costaisí Taighde ar an Margadh – chun an smaoineamh gnó a fhorbairt
- Costaisí Comhairleoireachta – táillí dearthóireachta, táillí ailtireachta, agus táillí dlí san áireamh
- Forbairt Teicniúil / Prótaitíp / Nuálaíocht – forbairt prótaitípe, dearthóireacht nuálaíoch, costaisí taighde, agus comhairleoireacht ó choláistí tríú leibhéal san áireamh
- Tuarastal / Taighde ar Chostas an Tionscnóra Féin – tá saothar an tionscnóra féin i mbun an Staidéar Féidearthachta san áireamh sna costaisí. An táille is mó is féidir a ghearradh ná €400 sa seachtain, ach ní ceadmhach don iomlán a bheith níos airde ná 20% den deontas ar fad a thairringeoifaí anuas.
- Costaisí Éagsúla – costaisí fóin, míleáiste ar ráta €0.26 per km, costaisí cothabhála agus oíche, taisteal aeir, agus mar sin de. Baineadh na costaisí sa chatagóir seo go sainiúil leis na Deontaisí Staidéar Féidearthachta. Ná bíodh na costaisí iomlána sa chatagóir seo os cionn 20% de leibhéal iomlán an deontais.

## Conas a chuirfidh mé isteach ar an deontas?

Má theastaíonn uait cur isteach ar Dheontas Staidéar Féidearthachta, níor mhór duit teacht i dteagmháil leis an OFÁ áitiúil. Déanfaidh siad sin measúnacht ar do theidlíocht sa deontas.

Agus tú ag cur isteach ar an deontas, ba cheart duit na rudaí seo leanas a léiriú:

- go bhfuil do dhóthain taighde déanta roimh ré agat chun a thaispeáint gur fiú staidéar iomlán féidearthachta a dhéanamh; agus
- go bhfuil seans réasúnta ann go mbeadh poitínseal go dáiríre ag an smaoineamh gnó a thiocfadh as an staidéar chun postanna a chruthú.

Déanfar measúnacht ar gach iarratas ar a bhonn féin.

Má theastaíonn ó aon ghnó nó ó aon duine aonair iarratas a dhéanamh, caithfidh siad an fhoirm iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta a líonadh isteach go hiomlán, é a shíniú, agus é a sheoladh isteach, leis na rudaí seo leanas ina theannta:

- meastacháin ar na príomh chostaisí,
- 3 mheastachán ar aon bhall caiteachais os cionn €5,000. [Caithfear meastachán béil amháin a chur ar fáil d'aon bhall caiteachais faoi bhun €5,000]; agus
- na cúntaisí deimhnithe is déanaí [más ann cheana don ghnó].

**Féach chuige go líonfaidh tú isteach an fhoirm iarratais go hiomlán.**

## Cad a tharlóidh nuair a gheofar an t-iarratas?

Scríobhfaidh an OFÁ chugat chun a dheimhniú go bhfuarthas an t-iarratas uait, agus buailfidh feidhmeannach ón OFÁ leat chun é a phlé. Tharlódh sé go lorgófaí breis eolais ort.

Nuair a gheobhaidh an OFÁ an t-eolas ar fad a bheidh uathu, déanfaidh siad measúnacht ar an iarratas ag an gcéad chruinniú ábharach eile de Choiste na Measúnachta agus na gCeadúnaisí de chuid an OFÁ. Ansin cuirfear an cinneadh i n-iúl duit i bhfoirm scríthe.

Níor mhór a thuiscint nach aon chomhartha é an t-iarratas a sheoladh isteach, ná an t-aitheantas oifigiúil go bhfuarthas é, go gcáileoidh an t-iarratas don deontas ná go mbronnfar cúnamh deontais air. Sé Coiste na Measúnachta agus na gCeadúnaisí de chuid an OFÁ a dhéanfaidh an cinneadh críochnúil ar an gcúnamh deontais.

Is féidir teacht ar a thuilleadh eolais faoi na tacaíochtaí airgid atá ar fáil ón OFÁ, eolas faoin teidlíocht san áireamh, ag [LocalEnterprise.ie](http://LocalEnterprise.ie).

## Cathain a fhéadfaidh mé teacht ar airgead an deontais?

Má cheadaítear an t-iarratas, féadfaidh tú an maoiniú a tharrac anuas tar éis duit fianaise ar do chuid caiteachais a chur ar fáil. Caithfear éileamh a dhéanamh ar an maoiniú a cheadófaí faoi cheann 12 mhí ó dháta an cheadúnais.

An Deontas Staidéar Féidearthachta is mó is féidir a fháil ná 50%/60% den chaiteachas cáilitheach, nó €15,000, pé acu is lú. Ní cás a thuiscint gurb é 60% an ráta i Réigiún na Teorann, Lár na Tíre, agus an Iarthair (TLI), ach gurb é 50% an ráta sna réigiúin eile ar fad.

Chun an chabhair airgid a cheadófaí duit a éileamh, níor mhór duit na nithe seo leanas a chur ar fáil:

- cáipéis sínithe ag glacadh leis an tairiscint
- na sonrascaí bunaidh
- fianaise ar na híocaíochtaí
- tuairisc scríthe ar an staidéar féidearthachta
- deimhniú cuntasóra [más éigeantach]
- foirm éilimh
- fianaise ar chomhlíonadh na riachtanaisí cánach
- aon cháipéisí eile a luafaí sa litir thairisceana

**Níor mhór a thuiscint nach ceadmhach duit an deontas a úsáid chun díol as aon chaiteachas a dhéanfá sara ndéanfá an t-iarratas.**

## Cén Rud é Cúnamh 'De Minimis'?

Cuirtear na Deontaisí Staidéar Féidearthachta ar fáil faoi réir ag Rialachán Choimisiún Aontas na hEorpa faoi Chúnamh 'De Minimis'. Sé an rud é Cúnamh De Minimis ná suimeanna teoranta de chúnamh Stáit, oiread le €200,000 leis an bhfiontar céanna laistigh d'aon tréimhse trí mbliana. Meastar go bhfuil cúnamh De Minimis ró-bheag chun cur isteach go substaintiúil ar an trádáil ná ar an iomaíocht sa Chómhargadh. Meastar go bhfuil méid na ndeontaisí seo lasmuigh de chatagóir an Chúnamh Stáit atá coiscithe faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus dá réir sin, féadfar iad a dheonú gan dul faoi bhráid an Choimisiúin.

Caithfidh an Ballstát cuntas a choimeád ar an gcúnamh De Minimis, áfach, chun féachaint chuige nach sáródh iomlán na n-íocaíochtaí a dhéanfaí leis an bhfiontar céanna as na foinsí go léir faoi cheann trí mbliana an teorainn de €200,000.

Mar sin, caithfidh tú na sonraí a chur ar fáil de na deontaisí eile go léir a bronnadh ort nó ar do chomhlacht le trí bliana anuas. Bíodh fhios agat, má dhéanann tú ráiteas bréige chun figiúr faoi bhun an €200,000 a thaispeáint, go mb'fhéidir go mbeadh ort an deontas a dhíol ar ais, le hús anuas air.



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### Seicliosta an Iarratais

An fhoirm iarratais líonta isteach go hiomlán
Síniú agus dáta curtha leis an bhfoirm iarratais
Trí mheastachán ar threalamh a bhfuiltear ag lorg cúnamh deontais chuige [d'aon chaiteachas a mheastar a bheidh os cionn €5,000]
Na Cúntaisí Deimhnithe is déanaí [más ann don ghnó cheana]
Deimhniú Corpraithe, Uimhir an Chomhlachta ó Oifig Chláraithe na gComhlachtaí, nó Deimhniú Chlárú Ainm an Ghnó, má bhíonn sé ar fáil
Fianaise go bhfuil teacht ar an maoiniú meaitseála ó acmhainní an tionscnóra féin, nó ó infheisteoirí, nó ó mhaoiniú iasachtaí.
Próifíl nó Cúlra do Thaithí Gnó féin
Deimhniú ar chabhair deontais a lorgáidh ar ghníomhaireachtaí eile
Fianaise ar Chomhlíonadh na Riachtanaisí Cánach

**Cuimhnigh air seo: Má fhaighimid an t-eolas go léir a bhíonn uainn, féadfaimid d'iarratas a phróiseáil go tapaídh. Leanfaidh moilleadóireacht eolas neamh-iomlán.**



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 1. Sonraí teagmhála

#### Sonraí teagmhála don phríomh-iarratasóir

Ainm[neacha]:				
Ainm an chomhlachta: [Comhlacht Teoranta nó ainm trádála]				
Seoladh an chomhlachta				
An seoladh don chomhfhreagras [mara b'ionann]				
Uimhreacha gutháin an chomhlachta	Fón póca:		Líne thalún:	
Seoladh ríomh-phoist an chomhlachta:				
Suíomh gréasáin				
Facebook				
Twitter				
Ardáin eile sna meáin shóisialta [le hainmniú]				

#### Stádas an Iarratasóra faoi Láthair: Tic le cur sa bhosca oiriúnach

Ainm/neacha	Fostaithe agat féin	Fostaithe	Dífhostaithe	Traenáil / oideachas



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 2. Sonraí an Chomhlachta (má bhaineann sé le hábhar)

Roimh Thosú an Chomhlachta	Tosú an Chomhlachta – faoi bhun 18 mhí ó shin
----------------------------	---

Má tá tú ag trádáil cheana, luaigh an dáta a thosaigh an trádáil: \_\_\_\_\_

#### Cineál an ghnó:

Cuir tic sa cholún oiriúnach agus tabhair Uimhir Chláraithe nó Uimhir OCC (.i. CRO) an Chomhlachta, má oireann sé

Trádálaí Aonair / Duine Aonair	
Páirtnéireacht	
Comhlacht Teoranta	
Catagóir Eile (le hainmniú)	

Más Comhlacht Teoranta an t-iarratasóir, tá an mhír seo thíos le líonadh isteach.

I gcás Comhlacht Teoranta, tá na stiúrtóirí go léir le liostáil, mar aon le céatadán na scaranna atá acu.	Ainmneacha na Stiúrtóirí	Céatadán na scaranna
	[1]	
	[2]	
	[3]	
Uimhir Chánach an Chomhlachta		
Uimhir OCC (.i. CRO)		



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 3. Cúlra, cáilíochtaí, agus taithí an iarratasóra

Na cáilíochtaí agus an taithí ábharach atá ag gach duine de thionscnóirí an ghnó le liostáil.

[Féadfaidh tú formáidiú na bpointí urchair a úsáid.]

Do chuid oideachais ar scoil nó ar an gcoláiste, aon traenáil eile, do stair oibre, agus do stair a bheith ag obair duit féin san áireamh, mar a oirfidh.

#### Oideachas / traenáil

#### Taithí ábharach gnó: (150 focal ar a laghad)



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 4. Sonraí an ghnó (mar a oirfidh)

Má tá gnó á reachtáil cheana agat, tá na sonraí le cur síos anseo – mar shampla: suíomh, earraí agus seirbhísí á sholáthar, margáí, príomh-chustaiméirí, líon na bhfostaithe, agus mar sin de.





## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 5. Sonraí earnáil an tionscnaimh

Cén sórt gnó atá ar siúl agat, nó ar dheas leat a bheith gníomhach ann?\*

[Tic le cur le gach ceann a oirfidh, agus sonraí le scríobh isteach sa bhosca faoi bhun an liosta seo.]

Seirbhísí á chur ar fáil do ghnónna eile	
Dearthóireacht agus táirgeoireacht éadaí / faisin	
Na meáin digiteacha, an chumarsáid gan sreanganna, an banda leathan, an anamúlacht, an fhoghlaim leictreonach, na meáin agus an caitheamh aimsire.	
Seirbhísí á chur ar fáil do chustaiméirí eile nó don phobal go ginearálta	
Táirgeoireacht earraí ceardaíochta	
Táirgeoireacht comhphárteanna / fo-sholáthar	
Táirgeoireacht aeraspáis, meaisíní talmhaíochta, gluaisteáin, tancanna agus árthaí, uirliseoireacht agus earraí plaisteacha	
Táirgeoireacht agus soláthar earraí nó seirbhísí i gcúrsaí timpeallachta agus an teicneolaíocht ghlas	
Táirgeoireacht agus próiseáil an bhídh	
Táirgeoireacht earraí éadroma do thomhaltóirí	
Táirgeoireacht gléasanna leighis	
Táirgeoireacht eile seachas na catagóirí anseo thuas	
Táirgeoireacht na pacáistíochta	
Forbairt agus soláthar earraí boga agus seirbhísí theicneolaíocht an eolais	
An tráchtáil leictreonach	

Tá cur síos le déanamh anseo ar an smaoineamh gnó ar dheas leat taighde a dhéanamh air leis an staidéar féidearthachtastudy.



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 6. Eolas bailithe go dtí seo

Tá eolas le scríobh anseo ar an méid atá déanta go dtí seo agat. Cad tá fachtá amach agat mar gheall ar thoirt an mhargaidh, fás, claontaí, iomaitheoirí, straitéis mhargaíochta, agus mar sin de.

### 7. Sonraí an smaoineamh gnó – scóp an staidéir

Déan cur síos anseo ar an earra nó ar an seirbhís atá á scrúdú agat agus an chúis a dteastaíonn uait féachaint isteach ann mar smaoineamh gnó.



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 8. Clár oibre agus clár ama atá á bheartú agat

Déan cur síos ar shonraí na dtascanna agus na mbearta a bheidh le déanamh mar chuid den staidéar. Luaigh an dáta atá súil agat tosú, an mhodheolaíocht, agus scála ginearálta an ama don obair.

--

### 9. Poitéinseal measta chun postanna a chruthú dá rachfaí chun cinn leis an tionscnamh

	Fostaíocht faoi láthair (má tá an gnó ann cheana)	
	Lán-aimseartha	Páirt-aimseartha
Fireann		
Baineann		
Iomlán		

	Poitéinseal i mbliain a 1 dá rachfaí chun cinn leis an tionscnamh	
	Lán-aimseartha	Páirt-aimseartha
Iomlán		



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 10. Na fachtóirí is tábhachtaí

Cad iad na fachtóirí a chaithfear a thabhairt san áireamh? Mar shampla: an teicneolaíocht; ceadúnaisí; an margadh; cúrsaí airgid; caighdeáin; scileanna; maoin intleachtúil; an bhrandáil; forbairt nó dearthóireacht na bprótaití; agus mar sin de.

### 11. Cé dhéanfaidh an obair?

Luaigh na cáilíochtaí agus an taithí ábharach atá ag lucht an taighde. Tabhair cóipeanna de na moltaí ó na soláthraitheoirí a leagfadh amach scóp na hoibre atá le déanamh agus an mhodheolaíocht a d'úsáidfí.



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 12. Costaisí infheistíochta\*

Sonraí an Deontais

Caiteachas measta – léargas le tabhairt anseo thíos	€ ex. CBL
<b>Taighde ar an Margadh</b>	
Cuir isteach na costaisí a bhainfeadh le deimhniú a dhéanamh ar an moladh gnó – costaisí le páirtithe den tríú páirt iad seo	
<b>Costaisí comhairleoireachta</b>	
[D'fhéadfadh táillí as dearthóireacht an earra nó na seirbhíse a bheith san áireamh]	
<b>Forbairt teicniúil / prótaitíp / costaisí nuálaíochta</b>	
Costaisí as forbairt prótaitípe agus costaisí as dearthóireacht nuálaíoch le cur san áireamh	
<b>Tuarastal/Obair an Tionscnóra féin</b>	
Costaisí iad seo as an obair a dhéanfaidh an tionscnóir féin a bhainfeadh go díreach leis an tionscnamh. €400 sa tseachtain an méid is mó a cheadófar. An sciar is mó is ceadmhach a chur sa chatagóir seo ná 20% den iomlán a cheadófar, nó a tharraigeofar anuas, pé acu is lú.	
<b>Costaisí éagsúla</b>	
Fón, taisteal mótar ar ráta 26c per km ar an méid, taisteal aeir, cothabháil thar oíche ar ráta €50 san oíche ar an méid. An sciar is mó is ceadmhach a chur sa chatagóir seo ná 20% den iomlán a cheadófar, nó a tharraigeofar anuas, pé acu is lú.	
<b>Meastachán ar chostas iomlán an staidéar féidearthachta</b>	

**Nóta:** Má tá aon cheann de bhaill indibhidiúla an chaiteachais anseo thuas os cionn €5,000, níor mhór trí mheastachán ar gach ball dá shórt a chur ar fáil.



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

Conas atá sé i gceist agat díol as an staidéar?\* Níor mhór an briseadh síos anseo thíos a líonadh isteach.

Infheistíocht as acmhainní an tionscnóra féin**	
Foinsí eile – níor mhór léargas a thabhairt orthu	
Méid an chúnamh deontais atá á lorg (60% ar an méid i réigiún an TLI, 50% aon áit eile) An deontas is mó atá ar fáil ná €15,000	
<b>Meastachán ar chostas iomlán an staidéir/ an tionscnaimh (do chuid féin infheistíochta san áireamh)</b>	

\* Níor mhór féachaint ar na nótaí treorach nó ar na sleachta faoi na tacaíochtaí airgeadais ar [LocalEnterprise.ie](http://LocalEnterprise.ie), mar a bhfuil eolas ar an teidlíocht i gcúnamh deontais, ar na srianta ar an tacaíocht atá ar fáil, ar choinníollacha na ndeontaisí, agus mar sin de.

\*\* Níor mhór fianaise a sholáthar ar an maoiniú meaitseála a bheadh ar fáil ó do chuid acmhainní féin, nó trí iasachtaí nó maoiniú.

Níor mhór a thuiscint nach féidir éileamh a dhéanamh ar aon chúnamh deontais a cheadófaí ach amháin ar bhonn an chaiteachas dearbhaithe.



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 13. Eolas ábharach eile

- a) Féadfaidh tú aon eolas eile a tuigtear duit a chuirfeadh le neart d'iarratas a roinnt linn anseo. Mar shampla: cruthú postanna, leas eacnamaíochta i gcúrsaí Taighde agus Forbairt, poitéinseal easpórtála, laghdú iompórtála, luach breise, agus mar sin de.

- b) Costaisí go dtí seo, más ann dóibh:

- c) An bhfuil an smaoineamh seo pléite le haon ghníomhaireacht eile agat? Má tá, tabhair na sonraí seo, an freagra ón ngníomhaireacht eile san áireamh. [Mar shampla, an bhfuil aon mhachnamh déanta agat ar chur isteach ar Dhearbhán Nuálaíochta ó Fhiontraíocht Éireann as an obair chéanna?]



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 14. Stair na nDeontaisí

a) An rachaidh an tionscnamh seo chun cinn, mar atá sé á bheartú, gan cúnamh deontais?

Rachaidh

Ní rachaidh

### b) Dearbhú De Minimis – tacaíocht fachta ón Stát cheana [más ann dó]

An bhfuil aon tacaíocht fachta cheana ag an ngnó nó ag éinne dá thionscnóirí ón stát nó ó Aontas na hEorpa trí aon ghníomhaireacht eile?

Tá

Níl

Má sé “Tá” an freagra a thug tú ansin thuas, níor mhór duit na sonraí a thabhairt uait anseo, le dáta, méid, agus cuspóir na dtacaíochtaí san áireamh:

Cúnamh De Minimis	Gníomhaireacht	Méid €	Dáta
Cineál an chúnamh a ceadaíodh [mar shampla, traenáil / dearbhán nuálaíochta / caipiteal síl / féidearthacht / caipiteal / fostaíocht / Deontas Dearbhán Trádáil Ar Líne / An Fiontraí Óg is Fearr i nÉirinn / infheistíocht nó deontaisí eile]			
<b>Méid iomlán:</b>			

Sé an rud é Cúnamh De Minimis ná suimeanna teoranta de chúnamh Stáit a thabharfaí do chomhlacht áirithe, nach ceadmhach dó teorainn de €200,000 a shárú faoi cheann trí bliana fíoscacha, beag beann ar thoirt ná ar shuíomh an chomhlachta.

D’fhéadfadh an Cúnamh De Minimis teacht ó aon fhoras nó gníomhaireacht nó Roinn Stáit. Más cuid de ghrúpa é an comhlacht, is leis an ngrúpa a bhaineann an teorainn de €200,000.

Bíodh fhios agat, má dhéanann tú ráiteas bréige chun figiúr faoi bhun an €200,000 a thaispeáint, go mb’fhéidir go mbeadh ort an deontas a dhíol ar ais, le hús anuas air.





## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 15. Eolas Breise

- a) An amhlaidh atá aon tacaíocht á fháil agat ó Roinn an Leasa Shóisialta do do chuid fostaíochta féin, nó d'fhostaíocht do chuid fostaithe, nó an amhlaidh a bheidh tú ag cur isteach ar a leithéid de thacaíocht?

Is amhlaidh

Ní hamhlaidh

- b) Seasaíonn an Oifig Fiontair Áitiúil go hiomlán le comhlíonadh ár gcuid dualgaisí trédhearcachta faoi bhun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí [RGCS]. Tá fógra againn faoi chosaint na sonraí pearsanta a thugann ár gcliaintí ar láimh dúinn; tá sé ar fáil ag [LocalEnterprise.ie/legal](http://LocalEnterprise.ie/legal). Tá eolas tábhachtach san fhógra sin mar gheall ar an slí a dhéanaimid-ne próiseáil ar na sonraí pearsanta a thugann ár gcliaintí dúinn. Iarraimid ort an fógra a léamh go cáiréiseach, agus féachaint chuige go mbíonn sé ar fáil do na daoine a dtugann tú féin sonraí pearsanta fúthu ar láimh dúinn-ne (mar shampla, do chuid fostaithe féin).

Ach tic a chur sa bhosca "Aontaím" anseo thíos, dearbhaíonn tú na nithe seo leanas: [a] go bhfuil do dhualgaisí féin i gcúrsaí chosaint sonraí comhlíonta agat i dtaca leis na sonraí pearsanta a thugann tú ar láimh dúinn-ne, agus go bhfuil sé d'údarás agat a leithéid de shonraí pearsanta a thabhairt dúinn; agus [b] go bhféachfaidh tú chuige go dtabharfar cóip den fhógra seo againn-ne do na daoine a dtugann tú féin sonraí pearsanta fúthu ar láimh dúinn-ne (mar shampla, do chuid fostaithe féin).

Aontaím

- c) Caithfear an t-iarratas seo a chur faoi bhráid daoine eile (ar bhonn rúnda) mar chuid de phróiseas próiseála an Oifig Fiontair Áitiúil. An bhfuil tú sásta leis seo?

Táim

Nílím

- d) An bhfuil tú sásta eolas a fháil go leanúnach ón Oifig Fiontair Áitiúil?

Táim

Nílím

- e) An bhfuil tú féin (nó an comhlacht) cláraithe don CBL?

Tá

Níl



## Foirm Iarratais ar Dheontas Staidéar Féidearthachta

### 16. Síniú

Dearbhaím-se go bhfuil na sonraí atá curtha síos san iarratas seo agam, chomh maith le haon eolas tacaíochta atá curtha ar fáil agam, fíor agus cruinn.

Síniú anseo: \_\_\_\_\_

Ainm: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

Níor mhór duit an Fhoirm Iarratais seo a shíniú agus a thabhairt ar ais go dtí an Oifig Fiontair Áitiúil.

Tá na sonraíthe teagmhála ar fáil ar an suíomh [www.localenterprise.ie](http://www.localenterprise.ie).

#### For Internal Use Only

Uimhir Thagartha an Chomhaid \_\_\_\_\_

An Dáta a Fuarthas an tIarratas \_\_\_\_\_

Earnáil \_\_\_\_\_

Cód an NACE \_\_\_\_\_

Cód an GMIS \_\_\_\_\_

Feidhmeannach \_\_\_\_\_

...the first of these is the fact that the ...

...the second of these is the fact that the ...

...the third of these is the fact that the ...

...the fourth of these is the fact that the ...

...the fifth of these is the fact that the ...

...the sixth of these is the fact that the ...

...the seventh of these is the fact that the ...

...the eighth of these is the fact that the ...

...the ninth of these is the fact that the ...

...the tenth of these is the fact that the ...

...the eleventh of these is the fact that the ...

...the twelfth of these is the fact that the ...

...the thirteenth of these is the fact that the ...

...the fourteenth of these is the fact that the ...

...the fifteenth of these is the fact that the ...

...the sixteenth of these is the fact that the ...

...the seventeenth of these is the fact that the ...

...the eighteenth of these is the fact that the ...



Oifig Fiontair Áitiúil  
Local Enterprise Office

## Sonraí teagmhála

[LocalEnterprise.ie](http://LocalEnterprise.ie)

